Comhairle Chontae Uíbh Fhailí
Offaly County Council

An Roinn Tithíochta, Rialtais Áitiúil agus Oidhreachta
Department of Housing, Local Government and Heritage

**COMHAIRLE CHONTAE UÍBH FHAILÍ**

**SCÉIM INFHEISTÍOCHTA SAN OIDHREACHT THÓGTHA 2025**

Cuireann Comhairle Chontae Uíbh Fhailí fáilte roimh iarratais faoi Scéim Infheistíochta san Oidhreacht Thógtha (SIOT) 2025, arna hoibriú ag an Roinn Tithíochta, Rialtais Áitiúil agus Oidhreachta. Leis an SIOT féachtar le caipiteal príobháideach a ghiaráil chun infheistiú i roinnt tionscadal ar scála beag atá dian ar shaothar chun Déanmhais Chosanta agus iad siúd atá taobh istigh de Limistéir Chaomhantais Ailtireachta a dheisiú agus a chaomhnú agus chun tacú le fostú gairmithe caomhantais, ceardaithe agus lucht ceirde a bhfuil scil agus taithí acu.

Is í Comhairle Chontae Uíbh Fhailí a riarfaidh **Scéim Infheistíochta san Oidhreacht Thógtha (SIOT) 2025**.

**Tabhair faoi deara, le do thoil, go bhfuil roinnt athruithe suntasacha déanta ar an SIOT le hais na scéimeanna a bhí ann roimhe seo.**

- Féadfar deontais idir **€2,500 agus €50,000** a bhronnadh agus caithfidh iarratasóirí **20% ar a laghad de na costais iomlána** a chur ar fáil. Ba chóir d'iarratasóirí na treoirlínte a léamh agus a bheith ar an eolas faoi chritéir cháilithe agus faoi choinníollacha na scéime.
- Cuimseoidh an scéim deontas seo Aghaidheanna Siopaí Stairiúla agus Déanmhais Dhúchasacha anois, rudaí a bhí san áireamh i gCiste na nDéanmhas Stairiúil roimhe seo. I ndáil le h**Aghaidheanna Siopaí Stairiúla**, tá deontais **ó €2,500 go €50,000** ar fáil chun daoine a spreagadh le haghaidheanna siopaí a chaomhnú. I ndáil le **Déanmhais Dhúchasacha**, tá deontais **ó €2,500 go €30,000** ar fáil le haghaidh deisiúcháin chaomhantais ar fhoirgnimh dhúchasacha neamhchosanta chun an struchtúr a chosaint agus chun iad a choinneáil in úsáid. Maidir le déanmhais dhúchasacha atá cosanta, is féidir cur isteach ar dheonais suas le **€50,000** lena n-aghaidh.

**Caithfidh Ráiteas Modha oiriúnach, a chuir gairmí inniúil caomhantais i dtoll a chéile, a bheith ag gabháil le <u>gach</u> iarratas a fhaightear faoi SIOT 2025.** Caithfidh grianghraif de na hoibreacha beartaithe a bheith ag gabháil leis na hiarratais freisin.

Cuirfear deontais níos mó, idir €50,000 agus €200,000, ar fáil faoi Chiste na nDéanmhas Stairiúil a fhógrófar níos déanaí i mbliana. Ní féidir le hiarratasóirí leas a bhaint as maoiniú faoi Chiste na nDéanmhas Stairiúil agus faoin Scéim Infheistíochta san Oidhreacht Thógtha sa bhliain chéanna.

Tá foirmeacha iarratais agus sonraí faoi na scéimeanna thuas ar fáil le híoslódáil ar www.offaly.ie
nó is féidir cóipeanna crua a fháil ó Chomhairle Chontae Uíbh Fhailí, An Rannóg Oidhreachta, Áras an Chontae, Bóthar Bhaile an Bhóthair, Tulach Mhór, Co. Uíbh Fhailí (057 9346800) nó is féidir ríomhphost a sheoladh chuig BHIS@offalycoco.ie
Ní mór do gach iarratasóir an Fhoirm Iarratais a chomhlánú agus í a chur isteach, le cáipéisí tacaíochta i bhfoirm leictreonach nó mar chóip chrua, faoi **<u>4pm Dé hAoine, an 27 Meán Fómhair 2024</u>**.

Ní mór **Scéim Infheistíochta san Oidhreacht Thógtha 2025** a scríobh go soiléir ar na hiarratais agus iad a sheoladh tríd an ríomhphost chuig BHIS@offalycoco.ie. **Ní ghlacfar le hiarratais dhéanacha.**

Andrew Murray

Stiúrthóir Seirbhísí Gníomhach,

An Rannóg Pleanála